

Tógann féinmheastóireacht scoile ar phleanáil forbartha scoile mhaith

Is minic a dhéanann múinteoirí athmhachnamh ar a gcuid oibre agus ar an bhfoghlaim atá déanta ag a scoláirí. Le blianta fada anuas, bhain múinteoirí agus boird bhainistíochta scoileanna úsáid as an bpróiseas do Phleanáil Forbartha Scoile chun a aithint cad atá ag obair go maith ina scoileanna agus cad a d'fhéadfaí a fheabhsú.

Bealach is ea an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) leis an bpróiseas seo d'athmhachnamh, d'fheabhsúchán agus d'fhorbairt a bheith ann ar bhealach níos córasaí.

Tá fíorthairbhe le féinmheastóireacht scoile

Tá sé léirithe ag múinteoirí in Éirinn agus i neart tíortha eile gur féidir leo, trí athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas go rialta, feabhas a chur ar an bhfoghlaim a dhéanann a scoláirí. Bíonn sé seo ann nuair a dhíríonn an fhéinmheastóireacht scoile ar a bhfuil ag tarlúint sna seomraí ranga, murab ionann agus ar pháipéarachas.

Sin an fáth go bhfuiltear ag iarraidh ar na scoileanna uile gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile níos córasaí ón scoilbhliain 2012-13 ar aghaidh.

Tugann féinmheastóireacht scoile cumhacht do mhúinteoirí agus do scoileanna

Aithníonn an fhéinmheastóireacht scoile go bhfuil a fhios ag múinteoirí agus ag pobail scoile cad is fearr dá scoláirí agus dá gcomhthéacs féin.

San fhéinmheastóireacht scoile déanann múinteoirí breithiúnais ar a gcleachtas bunaithe ar an bhfianaise atá bailithe acu. Cuireann sé seo ar a gcumas an dea-chleachtas a dhearbhu agus cinntí a dhéanamh faoi na nithe ar mhaith leo a fheabhsú nó a fhorbairt a thuilleadh.

Cuidíonn an fhéinmheastóireacht scoile le scoileanna a scéal féin a insint dá bpobal scoile.

Cad a iarrfar ar scoileanna a dhéanamh?

Iarrtar ar scoileanna tógáil ar na próisis atá acu cheana féin do phleanáil forbartha scoile trí ghabháil d'fhéinmheastóireacht scoile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ón scoilbhliain 2012-13 ar aghaidh.

Tá imlitir ullmhaithe ag an Roinn mar threoir do scoileanna agus iad ag gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile. Beidh an imlitir ar fáil ag www.education.ie go luath sa scoilbhliain.

Tosaigh beag agus tóg air!

Léiríonn an taithí in Éirinn agus i dtíortha eile go dtógann sé roinnt blianta chun próisis mhaithe d'fhéinmheastóireacht scoile a thógáil i scoileanna. Sna céimeanna tosaigh, is fearr a oibríonn an fhéinmheastóireacht scoile nuair a dhírítear ar ghnéithe beaga, scoite d'obair na scoile. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí agus do phobal na scoile scrúdú ceart a dhéanamh ar an ngné d'obair na scoile atá roghnaithe, agus pleanáil conas is féidir í a fheabhsú.

Sin é an fáth go n-iarrfaidh imlitir na Roinne ar scoileanna scrúdú a dhéanamh ar líon **beag** de ghnéithe tosaíochta dá gcuid oibre sna céimeanna tosaigh d'fhéinmheastóireacht scoile. Sna ceithre bliana ó 2012/13 go 2015/16, iarrfaidh an imlitir ar scoileanna meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama sa litearthacht, san uimhearthacht agus i ngné amháin ar a laghad den teagasc agus den fhoghlaim thar na cláir agus na hábhair uile. Scríobhfaidh scoileanna tuairisc fhéinmheastóireachta scoile ghairid i ngach réimse a scrúdaíonn siad, agus achoimre do thuismitheoirí san áireamh. Cumfaidh siad plean feabhsúcháin scoile do na gnéithe den chleachtas atá ainmnithe d'fheabhsúchán i ngach ceann de na réimsí ar a rinneadh an mheastóireacht.

Cén nasc atá idir seo agus an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta?

Tá tús curtha cheana féin ag neart scoileanna ar scrúdú a dhéanamh agus feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheastóireacht ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht mar fhreagra ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile bealach tacúil agus córasach ar fáil do scoileanna chun an dea-chleachtas a dhearbhu agus chun an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú.

Cén cúnamh a bheidh ar fáil?

Ullmhaíodh **Réamhrá d'Fhéinmheastóireacht Scoile an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna** do scoileanna. D'fhorbair an Chigireacht an treoir seo, atá áisiúil don úsáideoir, i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais. Tugann an treoir achoimre ar a bhfuil i gceist le féinmheastóireacht scoile agus tugtar freagraí ar réimse de cheisteanna ar an ábhar. Beidh sé ar fáil go luath sa scoilbhliain ag www.schoolself-evaluation.ie. Seolfar cóipeanna clóite chuig scoileanna freisin.

Ullmhaíodh **Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna** freisin chun cuidiú le scoileanna i bpróiseas na féinmheastóireachta scoile. Tá níos mó sonraí san fhoilseachán seo, a forbraíodh i gcomhchomhairle leis na comhpháirtithe oideachais. Baineadh úsáid as dréacht luath de na treoirlínte i gcéim tástála ag líon beag scoileanna. Tugann na treoirlínte cur síos ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile agus cuireann siad critéir mheastóireachta agus ráitis cháilíochta ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim, chomh maith le huirlisí samplacha chun cuidiú le fianaise a bhailiú. Beidh Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna ar fáil go luath sa scoilbhliain ag www.schoolself-evaluation.ie. Cuirfear cóipeanna clóite ar fáil freisin do scoileanna.

Cuirfidh An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus an Chigireacht **treoir agus tacaíocht d'fhéinmheastóireacht scoile** ar fáil do scoileanna freisin. D'fhonn cuidiú leis an bhfoireann teagaisc ar fad freastal ar sheisiúin tacaíochta, moltar do scoileanna cuid den am breise atá ar fáil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur ar fáil d'fhéinmheastóireacht scoile. Sa tslí seo beifear in ann léirithe a dhéanamh agus ceisteanna agus fiosruithe a fhreagairt laistigh de chomhthéacsanna scoile ar leith.

Bunófar **suíomh gréasáin ar leith** chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna ag www.schoolself-evaluation.ie. Áireoidh an suíomh gréasáin léirithe, treoirlínte, uirlisí agus teachtaireachtaí ó phríomhoidí scoile a bhfuil gníomhaíochtaí FMS déanta acu cheana féin. De réir mar a fhorbrófar acmhainní breise, cuirfear iad seo ar an suíomh gréasáin. Le himeacht ama, b'fhéidir go mba mhaith le scoileanna a n-acmhainní nó a dtaithe féin san fhéinmheastóireacht scoile a roinnt. Cuideoidh an suíomh gréasáin le comhroinnt dá leithéid. Más mian leat cur leis an suíomh gréasáin, is féidir leat do mholtaí a sheoladh chuig info@schoolself-evaluation.ie.



Féinmheastóireacht Scoile

Nuashonrú do bhunscoileanna

MEÁN FÓMHAIR 2012

Treoirlínte do Scoileanna ón gCigireacht

FEABHAS NA FOGHLAMA A CHUR CHUN CINN